2025/2469

5.12.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2469 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Nollaig 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1999 [1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999, ba cheart síneadh a chur, go dtí an 8 Nollaig 2026, leis na bearta a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 den Chinneadh sin a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin. Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le 27 nduine nádúrtha agus 12 eintiteas a liostaítear san Iarscríbhinn sin a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/1999 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10(1), scriostar an dara habairt.

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Nollaig 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. DANIELSEN

---

[1] Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1999/oj).

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 mar a leanas:

(1) i roinn 'A. Daoine nádúrtha', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 5, 6, 7, 8, 20, 22, 23, 26, 34, 35, 43, 44, 58, 60, 84, 106, 107, 108, 109, 110, 111, 113, 114, 115, 116, 119 agus 121:

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
'5.	ZHU Hailun	朱海仑 (Litriú Sínise)	Post/poist: Ar scor ó mhí na Bealtaine 2021 Comhalta den 13ú Daon Chomhdháil Náisiúnta de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne (ina suí ó 2018 go 2023) agus ionadaíocht á déanamh aige ar Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (XUAR); Comhalta den Choiste um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla, coiste de chuid na Daon-Chomhdhála Náisiúnta (ón 19 Márta 2018 i leith) Dáta breithe: Eanáir 1958 Áit bhreithe: Lianshui, Jiangsu (an tSín) Náisiúntacht: Síneach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Choimisiún Lárnach um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (XUAR) 13ú Daon-Chomhdháil Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (comhlacht reachtach áitiúil)	Iar-Rúnaí ar Choimisiún Lárnach um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (XUAR) agus iarLeas-Rúnaí Choiste an Pháirtí in XUAR (2016 go 2019). IarLeas-Cheann ar Bhuanchoiste 13ú Daon-Chomhdháil XUAR, comhlacht reachtach réigiúnach (2019 go dtí an 5 Feabhra 2021, ach gníomhach i gcónaí go dtí Márta 2021, ar a laghad). Comhalta den 13ú Daon-Chomhdháil Náisiúnta de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne (ina suí ó 2018 go 2023) agus ionadaíocht á déanamh aige ar XUAR. Comhalta den Choiste um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla, coiste de chuid na Daon-Chomhdhála Náisiúnta, ón 19 Márta 2018 i leith. Ina cháil mar Rúnaí ar Choimisiún Lárnach um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla XUAR (2016 go 2019), bhí Zhu Hailun freagrach as an tslándáil inmheánach agus forfheidhmiú an dlí a choinneáil ar bun in XUAR. Mar sin, bhí príomhról polaitiúil aige agus maoirseacht ar chlár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar mórscála, agus cur chun feidhme an chláir sin, faoina chúram aige, ar clár é ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad. Luadh Zhu Hailun mar "ailtire" an chláir sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneálacha treallacha ar mórscála a rinneadh ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad. Mar Leas-Cheann Bhuanchoiste 13ú Daon-Chomhdháil XUAR (2019 go dtí an 5 Feabhra 2021), lean Zhu Hailun de thionchar cinntitheach a imirt in XUAR mar a bhfuil an clár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar mórscála, ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad, ag dul ar aghaidh.	22.3.2021

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
6.	WANG Junzheng	王君正 (Litriú Sínise)	Post/poist: Comhalta de 20ú Coiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne (CPC) (mí na Nollag 2022 – mí na Nollag 2026); Leas-Uachtarán ar an 14ú Daon-Chomhdháil Náisiúnta (NPC, mí Feabhra 2023 go mí Feabhra 2027); Rúnaí Páirtí Pháirtí Cumannach na Síne (CPC) i Réigiún Féinrialaitheach na Tibéide (TAR); Stiúrthóir ar Choiste Gnóthaí Eachtracha Réigiún Féinrialaitheach na Tibéide (TAR) (ó mhí na Bealtaine 2024); iar-Rúnaí Páirtí Xinjiang Production and Construction Corps (XPCC), agus Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí i Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang na Síne; Coimeasár polaitiúil XPCC agus POF China Xinjian Group Dáta breithe: Mí na Bealtaine 1963 Áit bhreithe: Linyi, Shandong (an tSín) Náisiúntacht: Síneach Inscne: fireann Seoladh: Lhasa, an Tibéid Eintitis chomhlachaithe: Xinjiang Production and Construction Corps (XPCC)	Rúnaí Páirtí Pháirtí Cumannach na Síne (CPC) i Réigiún Féinrialaitheach na Tibéide (TAR) ó mhí Dheireadh Fómhair 2021. Comhalta de 20ú Coiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne (CCP) (mí na Nollag 2022 – mí na Nollag 2026). Leas-Uachtarán ar an 14ú Daon-Chomhdháil Náisiúnta (NPC, mí Feabhra 2023 go mí Feabhra 2027). Iar-Rúnaí Páirtí ar Xinjiang Production and Construction Corps (XPCC) agus Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí i Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (XUAR) na Síne ó mhí Aibreáin 2020 go mí Dheireadh Fómhair 2021, agus coimeasár polaitiúil XPCC ó mhí na Bealtaine 2020 go mí Dheireadh Fómhair 2021. Iar-Rúnaí ar Choimisiún Lárnach um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla XUAR, ó mhí Feabhra 2019 go dtí mí Mheán Fómhair 2020. Bhí poist shinsireacha eile ag Wang Junzheng in XPCC. Is eagraíocht eacnamaíoch pharaimíleatach faoi úinéireacht an stáit in XUAR é XPCC, a bhfuil údarás riaracháin á fheidhmiú aige agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha á rialú aige in Xinjiang. Ina cháil mar Rúnaí Páirtí agus coimeasár polaitiúil ar XPCC, bhí páirt ag Wang Junzheng sna beartais go léir a chuir XPCC chun feidhme a mhaoirsiú. Sa phost sin, bhí sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach ar mórscála agus táiríde ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh, mar chuid, *inter alia*, den chur chun feidhme a rinne an XPCC ar chlár mórscála faireachais, coinneála agus síolteagaisc lena spriocdhírítear ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad. Bhí sé freagrach freisin as an úsáid chórasach a bhaineann XPCC as Uigiúraigh agus daoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad mar lucht saothair éignithe, go háirithe i ngoirt chadáis. Ina cháil mar Leas-Rúnaí ar Choiste an Pháirtí in XUAR, bhí páirt ag Wang Junzheng i maoirsiú na mbeartas slándála go léir atá á gcur chun feidhme in Xinjiang, lena n-áirítear an clár réamhluaite lena spriocdhírítear ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad. Ina cháil mar Rúnaí ar Choimisiún Lárnach um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla XUAR ó mhí Feabhra 2019 go dtí mí Mheán Fómhair 2020, bhí Wang Junzheng freagrach as an tslándáil inmheánach agus forfheidhmiú an dlí a choinneáil ar bun in XUAR. Mar sin, bhí príomhphost polaitiúil aige agus é i gceannas ar mhaoirsiú agus cur chun feidhme an chláir réamhluaite.	22.3.2021

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
7.	WANG Mingshan	王明山 (Litriú Sínise)	Post/poist: Leas-Uachtarán ar an 14ú Daon-Chomhdháil Náisiúnta (NPC, mí Feabhra 2023 go mí Feabhra 2027); Leas-Stiúrthóir Bhuanchoiste Choiste an Pháirtí i Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (XUAR) Dáta breithe: Eanáir 1964 Áit bhreithe: Wuwei, Gansu (an tSín) Náisiúntacht: Síneach Inscne: fireann Seoladh: Urumqi, Xinjiang	Leas-Stiúrthóir (ó mhí Feabhra 2024) agus iar-chomhalta de Bhuanchoiste Choiste an Pháirtí i Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (XUAR). Leas-Uachtarán ar an 14ú Daon-Chomhdháil Náisiúnta (NPC, mí Feabhra 2023 go mí Feabhra 2027). IarStiúrthóir agus Leas-Rúnaí an Pháirtí ar Bhiúró Slándála Poiblí Xinjiang (XPSB) idir 2017 agus mí Eanáir 2021. Ina cháil mar Leas-Stiúrthóir agus mar iar-Rúnaí ar Choiste um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla Choimisiún Lárnach um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla XUAR (mí Mheán Fómhair 2020 – mí Feabhra 2024), tá Wang Mingshan freagrach as an tslándáil inmheánach agus forfheidhmiú an dlí a choinneáil ar bun in XUAR. Mar sin, tá príomhról polaitiúil aige agus maoirseacht ar chlár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar an mórscála faoina chúram aige, ar clár é ina ndéantar spriocdhíriú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad. Ina cháil mar IarStiúrthóir agus Leas-Rúnaí an Pháirtí ar XPSB (2017 go Eanáir 2021), bhí príomhról aige i bhfearas slándála Xinjiang agus bhí sé freagrach go díreach as an gclár thuasluaite a chur chun feidhme. Go háirithe, rinne XPSB an “Integrated Joint Operations Platform” (IJOP) (Ardán d’oibríochtaí comhpháirteacha comhtháite) a imscaradh, is é sin clár mórshonraí a úsáidtear chun na milliúin Uigiúrach a rianú agus aird a tharraingt orthu siúd a mheastar “baol bagartha” a bheith ag baint leo lena gcur go campaí coinneála. Mar gheall ar an bpost atá aige faoi láthair agus na feidhmeanna a bhí aige roimhe sin, tá Wang Mingshan freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach ar mórscála agus íde tháireach ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh.	22.3.2021

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
8.	CHEN Mingguo	陈明国 (Litriú Sínise)	Post/poist: Leas-Rúnaí Bhuanchoiste Pháirtí Cumannach na Síne (CPC) i Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (XUAR) (ó mhí na Nollag 2024); Rúnaí Choimisiún Lárnach um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (ó mhí Feabhra 2024); Comhalta de Bhuanchoiste CPC in XUAR (ó mhí Feabhra 2024) Dáta breithe: Mí Dheireadh Fómhair 1966 Áit bhreithe: Yilong, Sichuan (an tSín) Náisiúntacht: Síneach Inscne: fireann Seoladh: Urumqi, Xinjiang Eintitis chomhlachaithe: Coimisiún Lárnach um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla XUAR	Rúnaí Choimisiún Lárnach um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (XUAR) agus comhalta de Bhuanchoiste Pháirtí Cumannach na Síne in XUAR ó mhí Feabhra 2024. IarStiúrthóir Bhiúró Slándála Poiblí Xinjiang (XPSB) ó mhí Eanáir 2021 agus Leaschathaoirleach ar Rialtas Pobail XUAR. Ina cháil mar Rúnaí Choimisiún Lárnach um Ghnóthaí Polaitiúla agus Dlíthiúla Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang (XUAR), mar chomhalta de Bhuanchoiste Pháirtí Cumannach na Síne in XUAR agus mar iarStiúrthóir XPSB, tá ról lárnach ag Chen Mingguo i bhfearas slándála Xinjiang agus tá baint dhíreach aige le clár mórscála faireachais, coinneála agus síolteagaisc a chur chun feidhme lena spriocdhírítear ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad. Go háirithe, rinne XPSB an “Integrated Joint Operations Platform” (IJOP) (Ardán d’oibríochtaí comhpháirteacha comhtháite) a imscaradh, is é sin clár mórshonraí a úsáidtear chun na milliúin Uigiúrach a rianú agus aird a tharraingt orthu siúd a mheastar “baol bagartha” a bheith ag baint leo lena gcur go campaí coinneála. Dá bhrí sin, tá Chen Mingguo freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach agus íde tháireach ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh.	22.3.2021

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
20.	Aleksandr Grigorievitch MALOLETKO	Александр Григорьевич МАЛОЛЕТКО (Litriú Rúisise)		Chomhoibrigh Aleksandr Maloletko go dlúth le Yevgeny Prigozhin. Mhol Yevgeny Prigozhin go poiblí a ghníomh mar “cosantóir na Máthairthíre” agus mar Cheann an “Veteran’s Interests Defenders League”. Tá sé ag obair mar theagascóir do Wagner Group (Grúpa Wagner) i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL). Tá baint aige le Grúpa Wagner, atá liostaithe as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i dtíortha éagsúla, lena n-áirítear PAL agus tá sé freagrach as tacú le gníomhartha Ghrúpa Wagner.	25.2.2023
22.	Dimitri SYTII ar a dtugtar freisin Dimitri SYTYI ar a dtugtar freisin Dimitri SYTIY	Дмитрий СЫТИЙ (Litriú Rúisise)	Post/poist: Stiúrthóir Theach na Rúise in Bangui Dáta breithe: 23.3.1989 Áit bhreithe: Mionsc (an Bhealarúis) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Seoladh: NA-SYTAIA/A1-TANKISTAZ KHRUSTITSKOGO 62 APT25/ZP-198217 St Petersburg, Cónaidhm na Rúise	Tá ról ceannaireachta ag Dimitri Sytii i nGrúpa Wagner i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL), agus bhí dlúthnaisc aige le Yevgeny Prigozhin. Tá sé i gceannas ar bheartas tionchair Ghrúpa Wagner a stiúradh in PAL. Tá sé ina cheann ar chraobh áitiúil Theach na Rúise, géag chultúrtha aireacht gnóthaí eachtracha na Rúise. Tá Grúpa Wagner liostaithe as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomaire nó treallacha, i dtíortha éagsúla, lena n-áirítear PAL. Mar gheall ar a ról agus an tionchar mór atá aige in PAL agus ar a ról ceannasach i nGrúpa Wagner, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag Grúpa Wagner in PAL.	25.2.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
23.	Mikhail Sergeyevich POTEPKIN	Михаил Сергеевич ПОТЕПКИН (Litriú Rúisise)	Post/poist: Stiúrthóir ar Meroe Gold Dáta breithe: 19.9.1981 nó 29.9.1981 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: 651697952 (Pas Rúiseach) Seoladh: an tSúdáin Cuideachtaí comhlachaithe: Megaline; Concord; IT-Debugger	Tá Mikhail Potepkin ina stiúrthóir ar Meroe Gold, eintiteas cumhdaigh do ghníomhaíochtaí Ghrúpa Wagner sa tSúdáin, agus tá baint aige freisin le M-Invest, máthairchuideachta Meroe. Tá ról ceannasach aige laistigh de Ghrúpa Wagner sa tSúdáin agus bhí dlúthnaisc aige le Yevgeny Prigozhin. Trína bheith cleamhnaithe go dlúth le lucht míleata na Súdáine, d'éirigh le Grúpa Wagner ór na Súdáine a dhúshaothrú agus a onnmhairiú chuig an Rúis. Tá baint ag Potepkin le Grúpa Wagner, atá liostaithe as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomaire nó treallacha i dtíortha éagsúla, lena n-áirítear an tSúdáin. Trína ghníomhaíochtaí, tacaíonn sé freisin leis na sáruithe sin arna ndéanamh sa tSúdáin.	25.2.2023
26.	Andrei Sergeevich MANDEL	Андрей Сергеевич МАНДЕЛЬ (Litriú Rúisise)	Dáta breithe: 2.3.1990 Áit bhreithe: an Ghearmáin Inscne: fireann Pasuimhir: 753615660	Tá Andrei Mandel ina cheann ar M-Invest, eintiteas cumhdaigh d'oibríochtaí Ghrúpa Wagner sa tSúdáin, agus tá baint aige freisin lena fhochuideachta, Meroe Gold. Tá ról ceannasach aige laistigh de Ghrúpa Wagner sa tSúdáin, agus bhí dlúthnaisc aige le Yevgeny Prigozhin. Trína bheith cleamhnaithe go dlúth le lucht míleata na Súdáine, d'éirigh le Grúpa Wagner ór na Súdáine a dhúshaothrú agus a onnmhairiú chuig an Rúis. Tá baint ag Mandel le Grúpa Wagner, atá liostaithe as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha, i dtíortha éagsúla, lena n-áirítear an tSúdáin. Trína ghníomhaíochtaí, tacaíonn sé freisin leis na sáruithe sin arna ndéanamh sa tSúdáin. Luaitear i dtuarascálacha a foilsíodh le déanaí gur oibrigh Mandel do Wagner i Mailí freisin.	25.2.2023

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
34.	Gordon Koang BIEL ar a dtugtar freisin Gordon Koang Char BIEL, Koang Biel CHAR, Koang NYALUALGO		Post/poist: Coimisinéir Contae ar chontae Koch Áit bhreithe: an tSúdáin Theas Náisiúntacht: ón tSúdáin Theas Inscne: fireann	Bhí Gordon Koang Biel ina choimisinéir contae ar chontae Koch (Unity State, an tSúdáin Theas) ó mhí Feabhra 2021 go dtí mí na Samhna 2024. Sa phost sin, d'ordaigh sé do mhílístí a bhí ag obair i gcomhar leis an rialtas ionsaithe a dhéanamh i ndeisceart Unity State, idir Feabhra agus Bealtaine 2022. Le linn na tréimhse sin, bhain trúpaí faoina cheannas úsáid fhorleathan chórasach as foréigean gnéis mar oirbheart cogaidh agus cuireadh an foréigean gnéis i bhfearas mar luach saothair agus mar theidlíocht íocaíochta d'fhir a bhí páirteach sa choimhlint. Dá bhrí sin, ina cháil mar choimisinéir contae, tá Biel freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tSúdáin Theas, lena n-áirítear foréigean córasach forleathan gnéis agus inscnebhunaithe.	7.3.2023
35.	Toe UI ar a dtugtar freisin Toe YI		Post/poist: Comhalta den Choimisiún in aghaidh an Éillithe Grád: Maor-Ghinearál Náisiúntacht: Maenmar/Burma Inscne: fireann	Tá an Maor-Ghinearál Toe Ui ina chomhalta den Choimisiún in aghaidh an Éillithe, ar coimisiún de chuid na n-údarás míleata i Maenmar é. Bhí sé ina Leas-Aire Gnóthaí Baile ón 3 Feabhra 2023 go dtí an 2 Feabhra 2025. Is é an t-iar-leas-ardcheannsaí ar Oifig an Cheannasaí um Ghnóthaí Slándála Míleata (OCMSA). Tá OCMSA freagrach as na hionaid choinneála agus cheistiúcháin i Maenmar/Burma a bhainistiú agus tá sé de chúram air faisnéis a bhailiú freisin. Baineann foireann OCMSA faoi údarás Ui úsáid as nochtacht éignithe, éigniú, turraingí leictreacha, dó ball giniúna agus foréigean iomarcach le linn coinneáil agus ceistiúchán treallach fear, ban agus ball den phobal LGBTIQ. Ina cháil mar leas-ardcheannasaí OCMSA, tá an Maor-Ghinearál Toe Ui freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Maenmar/Burma, lena n-áirítear coinneáil agus ceastóireacht threallach, agus as foréigean córasach forleathan gnéis agus inscnebhunaithe.	7.3.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
43.	Sergei Gennadievich PODOPRIGOROV	Сергей Геннадьевич ПОДОПРИГОРОВ (Litriú Rúisise)	Post: Breitheamh i gCúirt Chathrach Mhoscó Dáta breithe: 8.1.1974 Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Seoladh: 16c2, Shmitovskiy Proyezd, Apartment 52, Moscó, an Rúis, 123100 (Шмитовский пр-д, 16c2, Москва, Россия, 123100. Квартира 52)	Ina phost mar Bhreitheamh i gCúirt Chathrach Mhoscó, tá baint ag Sergei Podoprigorov leis an gcás cúirte a ritheadh ar chúiseanna polaitiúla i gcoinne Vladimir Kara-Murza. Bhí sé ina chathaoirleach ar *collegium* na mBreithiúna i gCúirt Chathrach Mhoscó, a ghearr pianbhreith 25 bliana i bpríosún/campa saothair ardslándála, an 17 Aibreán 2023, ar Kara-Murza, gníomhaí freasúra. Is gníomhaí freasúra mór le rá é Kara-Murza sa Rúis. Tosaíodh imeachtaí cúirte ina choinne a raibh cuspóir polaitiúil leo in 2022 bunaithe ar líomhaintí bréagacha tar éis dó a chur i leith na Creimile go ndearna sí coireanna cogaidh san Úcráin agus fogha na Rúise a cháineadh go poiblí. I mí Aibreáin 2023, gearradh pianbhreith 25 bliana i bpríosún/campa saothair ardslándála air. Dhírigh na himeachtaí cúirte ina choinne ar a ghníomhaíochas agus d'fhóin siad mar sheóthriail sa Rúis chun guthanna criticiúla an réimis rialaithe a chur faoi chois agus iad ag cur i gcoinne an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine. Tá córas na Rúise ag baint úsáid as breithiúna na tíre mar uirlis fhorleathan i roinnt sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. Níl an córas ceartais neamhspleách agus úsáidtear é chun cearta daonna daoine aonair atá i gcoinne an réimis rialaithe a shárú go córasach agus go mór, trína saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh a shárú. Scaoileadh Kara Murza saor i malartú príosúnach in 2024 in Ankara. Roimhe seo, thug Podoprigorov, mar Bhreitheamh sa chúirt dúiche in Tverskoi, Moscó, dhá rialú i ndáil le Sergei Magnitsky, a nocht éilliú agus mí-iompar a rinne oifigigh rialtais na Rúise; rinneadh géarleanúint air ina dhiaidh sin agus fuair sé bás i bpríosún Rúiseach. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear sáruithe ar an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.	5.6.2023

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
44.	Dmitriy Viktorovich KOMNOV	Дмитрий Викторович КОМНОВ (Litriú Rúisise)	Post: Leifteanant-Choirnéal, iarCheann ionad coinneála réamhthrialach Mhoscó, SIZO-5 “Vodnik” Dáta breithe: 17.5.1977 Áit bhreithe: Réigiún Kashira, Moscó, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ba oifigeach sinsearach é Komnov i gcóras peannaideach na Rúise. Bhí sé ina Cheann ar ionad coinneála réamhthrialach Mhoscó SIZO-5 “Vodnik”, inar coinníodh Vladimir Kara-Murza. Is gníomhaí freasúra mór le rá é Kara-Murza sa Rúis. Tosaíodh imeachtaí cúirte ina choinne a raibh cuspóir polaitiúil leo in 2022 bunaithe ar líomhaintí bréagacha tar éis dó a chur i leith na Creimile go ndearna sí coireanna cogaidh san Úcráin agus fogha na Rúise a cháineadh go poiblí. I mí Aibreáin 2023, gearradh pianbhreith 25 bliana i bpríosún/campa saothair ardslándála air. Dhírigh na himeachtaí cúirte ina choinne ar a ghníomhaíochas agus d’fhóin siad mar sheóthriail sa Rúis chun guthanna criticiúla an réimis rialaithe a chur faoi chois agus iad ag cur i gcoinne an chogaidh fhoghaigh i gcoinne na hÚcráine. Tá córas na Rúise ag baint úsáid as breithiúna na tíre mar uirlis fhorleathan i roinnt sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. Níl an córas ceartais neamhspleách agus úsáidtear é chun cearta daonna daoine aonair atá i gcoinne an réimis rialaithe a shárú go córasach agus go mór, trína saoirse tuairimíochta agus saoirse tuairimí a nochtadh a shárú. Tá meath suntasach tagtha ar riocht sláinte Kara-Murza ó cuireadh tús lena choinneáil i mí Aibreáin 2022. Tá Komnov freagrach as cóireáil tháireach Kara-Murza mar gur cuireadh chuig cill phionóis é in ainneoin neamhord néaróg tromchúiseach de bharr dhá nimhiú a rinneadh níos luaithe air. Is deimhniú í drochíde Kara-Murza san ionad coinneála réamhthrialach arna bhainistiú ag Komnov ar phatrún an chleachtais sheanbhunaithe maidir le cóir mhídhaonna a chur ar lucht freasúra atá faoi choinneáil sa réimeas. Bhí sé ina mhaor ar ionad coinneála réamhthrialach “Butyrka” tráth a bhásaigh Sergei Magnitsky, gníomhaí in aghaidh an éillithe, mar thoradh ar choinníollacha dofhulaingthe. Scaoileadh Kara Murza saor i malartú príosúnach in 2024 in Ankara. Dá bhrí sin, tá Komnov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i gCónaidhm sa Rúis, lena n-áirítear íde tháireach agus sáruithe ar an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.	5.6.2023

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
58.	Abdul Hakim HAQQANI ar a dtugtar freisin Mawlawi Sheikh Abdul Hakim Haqqani Ishaqzai; “Shaikhul Hadis” Maulvi Abdul Hakim “Haqqani”	شيخ الحديث مولوي عبدالحكيم حقاني لقضات شيخ عبدالحكيم حقاني (Litriú Paistise)	Post/poist: Príomh-Bhreitheamh gníomhach an Talaban i gCúirt Uachtarach na hAfganastáine Qazi al-Quzzat (Breitheamh Uachtarach) Dáta breithe: 1967 Áit bhreithe: Panjwayi, cúige Kandahar, an Afganastáin Náisiúntacht: Afganastánach Inscne: fireann	Is é Abdul Hakim Haqqani Príomh-Bhreitheamh gníomhach an Talaban i gCúirt Uachtarach na hAfganastáine; cheap ceannaireacht an Talaban in 2021 é. Sa cháil sin, bhain sé úsáid éifeachtach as an gcóras dlí chun mná a chur faoi chois ar bhonn inscnebhunaithe trína n-eisiamh ó chóras cúirte na hAfganastáine agus trí rochtain na mban ar cheartas a shrianadh go córasach, rud a sháraíonn prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná. An 8 Iúil 2025, d’eisigh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta barántas gabhála do Haqqani mar gheall ar an bhfreagracht líomhnaithe atá air as coir na géarleanúna ar fhorais inscne agus pholaitiúla, ar coir in aghaidh na daonnachta í. Taobh amuigh dá ról mar Phríomh-Bhreitheamh an Talaban, feidhmíonn Abdul Hakim Haqqani mar cheannaire idé-eolaíoch sa Talaban. Trína rochtain phearsanta ar Haibatullah Akhundzada, ceannaire an Talaban, d’imir sé tionchar polaitiúil chun idé-eolaíocht an Talaban maidir le cur faoi chois inscnebhunaithe a mhúnlú, go háirithe trí threoir a eisiúint chun mná agus cailíní a eisiamh go córasach ón saol poiblí san Afganastáin. Dá bhrí sin, ina cháil mar Príomh-Bhreitheamh gníomhach an Talaban i gCúirt Uachtarach na hAfganastáine, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Afganastáin, go háirithe an sárú ar cheart na mban rochtain a bheith acu ar an gceartas agus ar an gceart chun córa comhionainne idir fir agus mná.	20.7.2023

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
60.	James Mark NANDO		Post/poist: Maorghinearál, Fórsaí Cosanta Phobal na Súdáine Theas (SSPDF) Áit bhreithe: Ezo, Ezo County, Western Equatoria (Meánchiorcal Thiar), an tSúdáin Theas Seoladh: Juba, an tSúdáin Theas Náisiúntacht: ón tSúdáin Theas Inscne: fireann	Tá James Nando ina oifigeach sinsearach i bhFórsaí Cosanta Phobal na Súdáine Theas (SSPDF), agus céim an Mhaorghinearáil aige. Tá sé i gceannas ar fhórsaí i stát na Meánchiorcal Thiar sa tSúdáin Theas a rinne ionsaithe forleathana ar an bpobal sibhialta. D'úsáid a chuid fórsaí foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe go córasach mar mhodh chun sceimhle a chur ar an bpobal. Dá bhrí sin, ina cháil mar Mhaorghinearál, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tSúdáin Theas, lena n-áirítear foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe. Faoi mar atá in 2025, tá sé fós gníomhach go míleata agus tá baint aige i gcónaí le gníomhartha foréigin i gcoinne sibhialtach.	20.7.2023
84.	Kirill Sergeevich NIKIFOROV	Кирилл Сергеевич НИКИФОРОВ (Litriú Rúisise)	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Réigiúnach Vladimir Dáta breithe: 14.3.1992 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Réigiúnach Vladimir é Kirill Sergeevich Nikiforov. Ina cháil roimhe seo mar bhreitheamh de Chúirt Chathrach Kovrov, dhiúltaigh sé cás dlí cheannaire an fhreasúra Alexei Navalny i gcoinne IK-6 chun achomharc a dhéanamh ar a aistriú chuig cillín pionóis ar feadh 12 lá. Agus é sa phríosún in IK-6, is minic a chuireadh na hoifigigh Alexei Navalny i gcillín pionóis as ucht mionsáruithe líomhnaithe. Dá bhrí sin, chaith sé míonna ar leithlis, rud a d'fhág gur tháinig meath suntasach ar a shláinte. Dá bhrí sin, sa phost a bhí aige mar bhreitheamh de Chúirt Chathrach Kovrov, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear coinneáil threallach chomh maith le céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, mar aon le sárú ar an tsaoirse tuairimíochta agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, ar cúis mhór imní é an méid sin maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a leagtar amach in Airteagal 21 CAE.	22.3.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
106.	Neria BEN PAZI ar a dtugtar freisin Naria BEN FAZ		Dáta breithe: 28.11.1993 Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Uimhir aitheantais: 311509004	Le roinnt blianta anuas, bhunaigh Neria Ben Pazi roinnt de na hurphoist ba fhoréigní ar an mBruach Thiar. Tá sé ar dhuine de na daoine lárnacha atá taobh thiar d'easáitiú éigeantais phobal Bedouin in Wadi Seeq, atá gar do Ramallah, i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ó 2021 i leith, cuireadh i leith Neria Ben Pazi go ndearna sé ionsaí arís agus arís eile ar Phalaistínigh in Wadi Seeq agus in Deir Jarir agus go bhfuil a chuid gníomhaíochtaí ar aon dul le céasadh. An 12 Deireadh Fómhair 2023, ghlac sé páirt in ionsaí foréigneach in Wadi Seeq, inar buaileadh Palaistínigh go dona, inar cuireadh glais lámh orthu agus inar glacadh grianghraif díobh ina bhfo-éadaí. Rinne lonnaitheoirí fual orthu agus mhúch siad toitíní orthu. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine a rinneadh in aghaidh na bPalaistíneach, lena n-áirítear céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, ar cúis mhór imní iad freisin maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	19.4.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
107.	Yinon LEVI ar a dtugtar freisin Yinon LEVY		Dáta breithe: 12.12.1992 Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Uimhir aitheantais: 203807276	Ghlac Yinon Levi páirt san iliomad gníomhartha foréigneacha ar shráidbhailte comharsanacha gar dá áit chónaithe ar fheirm urphoist neamhdhleathach in Meitarim. Áirítear leis sin go háirithe tithe na dteaghlach Palaistíneach a réabadh agus díobháil a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear i láthair ban agus leanaí, chomh maith le madraí a chur sa tóir ar aoirí Palaistíneacha chun iad a ionsaí go fisiciúil agus ligean dá thréad a bheith ag innilt ar a dtailte atá faoi úinéireacht phríobháideach. Bhí baint ag Levi leis an ionsaí foréigneach a rinne lonnaitheoirí an 28 Iúil 2025 i sráidbhaile Umm Al-Khair ar an mBruach Thiar, inar lámhach agus mharaigh Levi Awdah Hathaleen, cosantóir chearta an duine. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha forleathana chearta an duine atá dírithe ar an gceart atá ag Palaistínigh chun iomláine coirp agus intinne, an ceart chun maoine agus an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, ar cúis mhór imní iad freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	19.4.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
108.	Meir Mordechai ETTINGER	מאיר אטינגר (Litriú Eabhraise)	Post/poist: comhalta de Hilltop Youth Dáta breithe: 4.10.1991 Áit bhreithe: Kiryat Moshe, Iarúsailéim, Iosrael Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Hilltop Youth	Tá Meir Ettinger ar cheann de cheannairí Hilltop Youth, grúpa radacach atá comhdhéanta de dhaoine óga agus a bhfuil míchlú ar a bhaill as ucht gníomhartha foréigneacha a dhéanamh i gcoinne na bPalaistíneach agus a sráidbhailte ar an mBruach Thiar. Bunaíonn Hilltop Youth urphoist neamhúdaraithe ar bharra cnoic ar an mBruach Thiar agus bíonn sé rannpháirteach i bhforéigean lonnaitheoirí trí "ionsaithe praghaslipéid" mar a thugtar orthu, a dhéanamh. Is foréigean de chineál córasach é an foréigean in aghaidh na bPalaistíneach, lena n-áirítear ciapadh fisiciúil agus síceasóisialta, bascadh, dúnmharú agus scartáil maoine. Spreagann agus gríosaíonn Meir Ettinger ionsaithe agus glacann sé páirt san imeaglú chun Palaistínigh a ruaigeadh as a dtailte. Chuidigh sé le lonnaíochtaí agus urphoist neamhdhleathacha a bhunú ar thailte Palaistíneacha ar fud an Bhruaigh Thiar, agus bhain sé úsáid as imeaglú, ciapadh agus foréigean agus bhí glacadh aige leo sin freisin. Bhí baint aige le hionsaí marfach coirloiscthe in 2015, tráth a measadh cheana féin go raibh sé páirteach in Hilltop Youth, ar theach a bhí ar an mBruach Thiar sa Phalaistín, inar maraíodh beirt tuismitheoirí agus a mac a bhí 18 mí d'aois. Dá bhrí sin, tá Meir Ettinger freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, chomh maith le sáruithe nó mí-úsáidí an chirt chun maoine agus an chirt chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh atá ag Palaistínigh ar an mBruach Thiar agus as tacú leis na gníomhartha sin agus iad a spreagadh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí agus na sáruithe sin freisin maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	19.4.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
109.	Elisha YERED	אלישע ירד (Litriú Eabhraise)	Post/poist: comhalta de Hilltop Youth Dáta breithe: 2001 Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Hilltop Youth	Is gníomhaí lonnaithe in Iosrael é Elisha Yered agus tuigtear go bhfuil baint aige le Hilltop Youth, grúpa radacach atá comhdhéanta de dhaoine óga a bhíonn ag gabháil do ghníomhartha foréigneacha i gcoinne na bPalaistíneach agus a sráidbhailte ar an mBruach Thiar. Tá Hilltop Youth rannpháirteach i bhforéigin lonnaitheoirí trí "ionsaithe praghaslipéid", mar a thugtar orthu, a dhéanamh. Is foréigean de chineál córasach é an foréigean lonnaitheoirí sin in aghaidh na bPalaistíneach, lena n-áirítear ciapadh fisiciúil agus síceasóisialta, bascadh, dúnmharú agus scartáil maoine. Spreagann Elisha Yered na gníomhartha sin agus glacann sé páirt iontu. Is minic a ghríosaíonn sé an foréigean in aghaidh na bPalaistíneach ar an mBruach Thiar, lena n-áirítear trí theachtaireachtaí a scaipeadh ina ndeirtear, mar shampla, sráidbhaile Palaistíneach "a scriosadh". I mí Aibreáin 2024, chomhordaigh agus ghríosaigh Elisha Yered ionsaithe lonnaitheoirí a mharaigh ceathrar Pailistíneach, a ghortaigh na scóir, a loisc na dosaenacha tithe agus níos mó ná 100 gluaisteán ar fud 11 shráidbhaile, agus a mharaigh na mílte ainmhithe. Sheol sé teachtaireachtaí ar WhatsApp inar iarr sé "pionós comhchoiteann i gcoinne an phobail Arabaigh dhúnmharfaigh." Bhí an scrios sin ar cheann de na hionsaithe lonnaitheoirí ba dhéine agus ba chórasaí a bhí ann le blianta fada anuas. Rinne sé féin teaghlach Palaistíneach a chiapadh, agus teanga imeaglaithe bhagrach á húsáid aige chun bac a chur ar a saoirse gluaiseachta ar a dtalamh féin, agus tá baint aige le maoin na bPalaistíneach ar an mBruach Thiar a scriosadh. Bhí Elisha Yered mar chuid de ghrúpa lonnaitheoirí armtha a chuaigh ó urphost neamhdhleathach Oz Zion go dtí sráidbhaile Palaistíneach Burqa atá gar do Ramallah an 4 Lúnasa 2023. Scaoil na lonnaitheoirí urchair leis na Palaistínigh, maraíodh an Palaistíneach Qusai Jammal Mi'tan, a bhí 19 mbliana d'aois, agus gortaíodh roinnt Palaistínigh eile. Dá bhrí sin, tá Elisha Yered freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, chomh maith le sáruithe nó mí-úsáidí an chirt chun maoine agus an chirt chun saoil phríobháidigh agus saol teaghlaigh atá ag Palaistínigh ar an mBruach Thiar agus as tacú leis na gníomhartha sin agus tá sé freagrach as iad a spreagadh, agus as tacú le fuath náisiúnta, ciníoch nó reiligiúnach ar gríosú chun idirdhealaithe, naimhdis nó foréigin é. Is cúis mhór imní iad na sáruithe nó na mí-úsáidí sin freisin maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	19.4.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
110.	Moshe SHARVIT	משה שרביט (Litriú Eabhraise)	Dáta breithe: 13.11.1994 Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Uimhir aitheantais: 206223000 Seoladh: Urphost Tirzah Valley Farm, an Bruach Thiar, na críocha Palaistíneacha faoi fhorghabháil Eintitis chomhlachaithe: Moshe's Farm	Is lonnaitheoir Iosraelach i nGleann na hIordáine é Moshe Sharvit, atá ina chónaí in urphost gar do shráidbhaile, ar a dtugtar "Tirza Valley Farm", agus ar a dtugtar "Moshe's Farm" freisin. Tá baint ag Moshe Sharvit leis an bhforéigean agus na bagairtí a dhéanann na lonnaitheoirí i leith na gcónaitheoirí Palaistíneacha i bpobail na n-aoirí atá gar dá urphost atá suite ar bharr cnoic ar an mBruach Thiar. Tá géarú tagtha ar an gciapadh atá á dhéanamh aige ar na pobail sin ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 i leith. Is minic a rinne Moshe Sharvit ciapadh ar Phalaistínigh ó bhéal agus go fisiciúil, trína éileamh go bhfágfaidís a dtithe agus a gcuid réadmhaoine ina ndiaidh. Mar thoradh ar an iompar sin, i mí Dheireadh Fómhair 2023, theith sibhialtaigh Phalaistíneacha óna sráidbhaile, Ein Shibli. D'úsáid sé teanga bhagrach i gcoinne fir, mná agus leanaí Palaistíneacha agus d'ionsaigh sé seanduine go fisiciúil. Áirítear ar na gníomhaíochtaí a rinne sé, clocha a chaitheamh ar Phalaistínigh agus ar a mbeostoc, tiomáint d'aon ghnó trí thréada agus trí pháirceanna saothraithe, madraí a úsáid chun Palaistínigh agus a mbeostoc a ionsaí, agus mí-úsáid fhisiciúil a bhaint as ainmhithe le cleitheanna agus fuipeanna. An 6 Márta 2025, chuir cúirt Iarúsailéim cosc ar Sharvit dul i dtreo compún teaghlaigh Phalaistínigh gar dá urphost, tar éis ionsaithe agus ciapadh a rinneadh arís agus arís eile. Dá bhrí sin, tá Moshe Sharvit freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha córasacha chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáid an chirt atá ag gach duine an caighdeán iomláine coirp agus meabhraí is airde is féidir a theachtadh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
111.	Zvi BAR YOSEF ar a dtugtar freisin Zvi BAR-YOSEF		Dáta breithe: 20.9.1992 Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Uimhir aitheantais: 204377998 Eintitis chomhlachaithe: Zvi's Farm	Bhunaigh Zvi Bar Yosef an t-urphost neamhúdaraithe ar a dtugtar "Zvi's Farm" ar an mBruach Thiar, soir ó lonnaíocht Halamish. Ghlac an t-urphost seilbh ar thart ar 2 500 dunam / 620 acra ar a ndearna sráidbhailte Jibya, Kaubar (Kobar), agus Umm Safa saothrú. In 2019, 2021 agus 2023, rinne Zvi Bar Yosef ionsaithe agus gníomhartha foréigin arís agus arís eile i gcoinne Palaistínigh as na sráidbhailte sin, rud a d'fhág gur gortaíodh cuid acu go tromchúiseach. Tá Bar Yosef fós ina chónaí ar Zvi's Farm. Fágann stair a fhoréigin gur limistéar le seachaint atá sa cheantar máguaird anois, agus ní féidir le Pailistínigh rochtain a fháil ar a bpáirceanna féin a thuilleadh. Dá bhrí sin, tá Zvi Bar Yosef freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha córasacha chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáidí an chirt chun iomláine coirp agus meabhraí, an chirt chun maoine agus an chirt chun saoil phríobháidigh agus saol an teaghlaigh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
113.	Baruch MARZEL		Post/poist: Comhalta de Otzma Yehudit Dáta breithe: 23.4.1959 Áit bhreithe: Bostún, Stáit Aontaithe Mheiriceá Náisiúntacht: Meiriceánach, Iosraelach Inscne: fireann Seoladh: Lonnaíocht Tel Rumeida, Hebron, na críocha Palaistíneacha faoi fhorghabháil	Is é Baruch Marzel bunaitheoir an pháirtí pholaitiúil “Otzma Yehudit”, atá i bhfad amach ar an eite dheas, atá faoi stiúir Itamar Ben Gvir faoi láthair. Déanann an páirtí ionadaíocht ar cheann de na hidé-eolaíochtaí is antoiscí in Iosrael agus is cuid den ghluaiseacht Kahanach é. Sna 1990í, bhí sé ina cheannaire ar pháirtí Kahane go dtí gur chuir údaráis Iosrael cosc air in 1994. In 2019, chuir Cúirt Uachtarach Iosrael cosc ar Baruch Marzel seasamh i dtoghcháin pharlaiminteacha, toisc gur chinn an chúirt go raibh go leor ráitis chiníocha déanta aige. Iarrann Baruch Marzel go gcruthófaí Iosrael Mór nach mbeadh aon áit ag na Palaistínigh ann. Iarrann sé go hoscailte go ndéanfaí glanadh eitneach ar na Palaistínigh agus séanann sé ceart na bPalaistíneach chun a dtalún féin. Ó thosaigh coinbhleacht Gaza, d’iarr sé arís agus arís eile go gcuirfí bac ar chabhair dhaonnúil do Gaza agus go n-aistreofaí daonra iomlán Gaza go héigeantach. Tá Baruch Marzel freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine, go háirithe a bheith ag tacú go córasach le fuath náisiúnta, ciníoch nó reiligiúnach, ar gríosú chun idirdhealaithe, naimhdis nó foréigin é. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
114.	Ben-Zion "Bentzi" GOPSTEIN	בן ציון גופשטיין (Litriú Eabhraise)	Post: Bunaitheoir agus ceannaire "Lehava" Dáta breithe: 10.9.1969 Náisiúntacht: Iosraelach Inscne: fireann Uimhir aitheantais: 024526394 Seoladh: Givat HaAvot, Kiryat Arba, na críoch Palaistíneacha faoi fhorghabháil Eintitis chomhlachaithe: Lehava	Is é Ben-Zion "Bentzi" Gopstein, atá ina chónaí i lonnaíocht Kiryat Arba (an Bruach Thiar), bunaitheoir agus ceannaire na heagraíochta antoiscí "Lehava", díorthach den ghluaiseacht Kahanach, agus é mar aidhm aige "comhshamhlú sa Talamh Naofa a chomhrac". Cuireann Ben-Zion "Bentzi" Gopstein fís chun cinn ina séantar ar na Palaistínigh go léir a gcearta agus ina n-iarrtar deireadh a chur le láithreacht na bPalaistíneach in Iosrael agus sna críocha Palaistíneacha. Chuir Cúirt Uachtarach Iosrael cosc air seasamh sna toghcháin don Knesset in 2019 toisc "go ngríosaíonn sé go córasach ciníochas in aghaidh an phobail Arabaigh". In 2025, ciontaíodh é as gríosú chun sceimhlitheoireachta, tar éis dó tabhairt amach go láidir faoi Iosraelaigh Arabacha, á rá: "Is ailse iad na naimhde laistigh dínn, agus mura bhfaighimid réidh leis an ailse sin, ní bheimid in ann leanúint de bheith ag maireachtáil anseo mar Ghiúdaigh". Ó 2023 i leith, tá comhairle á cur ag Gopstein ar an Aire Slándála Náisiúnta atá i bhfad amach ar an eite dheas, Itamar Ben-Gvir, agus ar oifigigh shinsearacha phóilíneachta maidir le cúrsaí slándála. Tar éis ionsaí sceimhlitheoireachta in Iarúsailéim Thoir, mhol sé go ndéanfadh an t-aire bearta brúidiúla lena n-áirítear feallmharuithe spriocdhírithe, scartáil tithe, imshuí ceantar iomlán, agus reachtaíocht chun teaghlaigh na n-ionsaitheoirí a dhíbirt. Dá bhrí sin, tá Ben-Zion "Bentzi" Gopstein freagrach as mí-úsáidí córasacha tromchúiseacha chearta an duine, eadhon as bheith ag tacú le fuath náisiúnta, ciníoch nó reiligiúnach, ar gríosú chun idirdhealaithe, naimhdis nó foréigin é. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
115.	Abdel Karim Mahmoud (Mahmood, Mohammad) IBRAHIM	عبد الكريم محمود إبراهيم (Litriú Araibise)	Post/poist: Ceann foirne Arm na Siria Áit bhreithe: Tartous, an tSiria Náisiúntacht: Siriach Inscne: fireann	Ba é Abdel Karim Mahmoud Ibrahim ceann foirne Arm na Siria idir 2022 agus mí na Nollag 2024. Rinne stát na Siria, faoi réimeas al-Assad, lena n-áirítear an t-arm, céasadh, éigniú agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe in aghaidh na sibhialtach ar bhonn córasach forleathan. Tá Abdel Karim Mahmoud Ibrahim, ina cháil mar cheann foirne Arm na Siria, freagrach as gníomhaíochtaí na bhfórsaí armtha a bhí faoina cheannas. Dá bhrí sin, tá Abdel Karim Mahmoud Ibrahim freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus foréigean córasach forleathan gnéasach agus inscnebhunaithe.	22.7.2024
116.	Ali Mahmoud ABBAS	علي محمود عباس (Litriú Araibise)	Post/poist: An tAire Cosanta agus Leas-Ardcheannasaí an Airm Dáta breithe: 2.11.1964 Áit bhreithe: Rif Dimashq, an tSiria Náisiúntacht: Siriach Inscne: fireann	Ba é Ali Mahmoud Abbas Aire Cosanta na Siria agus Leas-Ardcheannasaí ar Arm na Siria idir 2022 agus mí na Nollag 2024. Rinne stát na Siria, faoi réimeas al-Assad, lena n-áirítear an t-arm, céasadh, éigniú, agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe in aghaidh na sibhialtach ar bhonn córasach forleathan. Ina cháil mar Aire Cosanta na Siria agus mar Leas Ardcheannasaí ar Arm na Siria, tá Ali Mahmoud Abbas freagrach as gníomhaíochtaí na bhfórsaí armtha a bhí faoina cheannas. Dá bhrí sin, tá Ali Mahmoud Abbas freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus foréigean córasach forleathan gnéasach agus inscnebhunaithe.	22.7.2024

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
119.	Muhammad Hussein AL-JASIM ar a dtugtar freisin Abu AMSHA, Muhammad Husayn AL-JASIM, Muhammad AL-JASSIM BIN HUSSEIN, Mohamed ALJASEM, al-Amshat	محمد حسين الجاسم أبو عمشة محمد حسين الجاسم محمد الجاسم بن حسين محمد الجاسم (Litriú Araibise)	Post/poist: Dáta breithe: 1985 Áit bhreithe: Al-Jawsa, Hama Governorate, an tSiria Náisiúntacht: Siriach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Sultan Sulaiman Shah Brigade (Briogáid Sultan Sulaiman Shah)	Is é Muhammad Hussein al-Jasim bunaitheoir agus ceannaire Sultan Sulaiman Shah Brigade (Briogáid Sultan Sulaiman Shah), mílíste armtha Siriach atá gníomhach i gcogadh cathartha na Siria. I mí an Mhárta 2025, ghlac Briogáid Sultan Sulaiman Shah, faoi cheannas Muhammad Hussein al-Jasim, páirt san fhoréigean i réigiún cósta na Siria, inar díríodh ar shibhialtaigh agus go háirithe ar phobal Alawite, lena n-áirítear trí shibhialtaigh a mharú go treallach. Dá bhrí sin, tá Muhammad Hussein al-Jasim freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tSiria, lena n-áirítear maruithe treallacha.	28.5.2025
121.	Miqdad Lu'ay FATIHA ar a dtugtar freisin Miqdad FATIHA, Miqdad FUTAIHA, Abu Jafar, Abu Jaafar, Abu Ja' afa, Miqdad Fteha	مقداد لؤيّ فتيحة مقداد فتيحة (Litriú Araibise)	Dáta breithe: 19.6.1989 Áit bhreithe: Jableh, Latakia, an tSiria Náisiúntacht: Siriach Inscne: fireann Seoladh: An tSiria/an Liobáin	Is iarchomhalta de Gharda Poblachtach na Siria, a díscaoileadh ó shin, é Miqdad Fatiha. Sa ról sin, bhí sé freagrach as go leor sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh na bpríosúnach agus íde chruálach eile a thabhairt. Tar éis thitim réimeas al-Assad i mí na Nollag 2024, bhunaigh Miqdad Fatiha mílístí i réigiúin chósta na Siria, rud a chuir leis an teannas seicteach agus a ghríosaigh daoine chun foréigin. Bhí baint ag na haonaid faoina cheannas le foréigean seicteach mhí an Mhárta 2025 i réigiún chósta na Siria inar cailleadh na céadta sibhialtach. Mar cheannaire ar na mílístí, tá Miqdad Fatiha freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach.	23.6.2025';

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

(2) i roinn ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1, 2, 5, 6, 7, 9, 28, 29, 30, 31, 34 agus 35:

	Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘1.	Xinjiang Production and Construction Corps Public Security Bureau	新疆生产建设兵团公安局 (Litriú Sínise)	Seoladh: 106 Guangming Road, Urumqi, Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR), an tSín Teileafón: +86 991 598 8114 An cineál eintitis: Gníomhaireacht Rialtais Áit chlárúcháin: 106 Guangming Road, Urumqi, Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR), an tSín Dáta clárúcháin: Aibreán 1984 Príomhionad gnó: Urumqi, Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR), an tSín Daoine aonair comhlachaithe: Guangqiu YANG 杨光秋 (2.2017-2.2023); Zhiyong GONG 龚志勇 (Ó 2.2023-); Rúnaí CPC/Ceann Póilíneachta/Príomhchigire Public Security Bureau XPCC;	Tá Xinjiang Production and Construction Corps (XPCC) Public Security Bureau i gceannas ar bheartais uile XPCC i ndáil le gnóthaí slándála a chur chun feidhme, lena n-áirítear bainistiú ionad coinneála. Is eagraíocht eacnamaíoch pharaimíleatach faoi úinéireacht an stáit i Réigiún Féinrialaitheach Uigiúrach Xinjiang na Síne é XPCC, a bhfuil údarás riaracháin á fheidhmiú aige agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha á rialú aige in Xinjiang. Mar an eagraíocht atá i gceannas ar bheartais slándála in XPCC, tá an XPCC Public Security Bureau freagrach as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneáil threallach ar mórscála agus táiríde ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad, chomh maith le sáruithe córasacha ar a saoirse reiligiúin nó creidimh, mar chuid, *inter alia*, den chur chun feidhme a rinne XPCC ar chlár mórscála faireachais, coinneála agus síolteagaisc lena spriocdhírítear ar mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha. Mar chuid den chlár sin, úsáideann XPCC Uigiúraigh agus daoine ar de mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile iad mar lucht saothair éignithe, go háirithe i ngoirt chadáis. Mar an eagraíocht atá i gceannas ar bheartais slándála in XPCC, tá XPCC Public Security Bureau freagrach as úsáid chórasach a bhaint as saothar éignithe.	22.3.2021

	Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
2.	Supreme Public Prosecutor's Office (ar a dtugtar freisin Office of the Prosecutor of the Democratic People's Republic of Korea (DPRK))			Is institiúid é an Supreme Public Prosecutor's Office a dhéanann maoirseacht ar na himeachtaí coiriúla uile i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC), lena n-áirítear imscrúdú, ceistiú, coinneáil réamhthrialach agus trialacha. Úsáidtear an Supreme Public Prosecutor's Office chun daoine a ionchúiseamh agus a phionósú as mí-iompar polaitiúil i dtrialacha atá go héagórach ón mbonn aníos. Tá freagracht institiúideach air as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine i ngnáthphríosúin agus i ngnáthionaid choinneála cheistiúcháin freisin ós rud é nach ndéanann sé cearta na gcimí réamhthrialacha nó na bpríosúnach ciontaithe a fhorfheidhmiú. I ndlúthchomhar leis na hAireachtaí Slándála Stáit agus Slándála Sóisialta, tá freagracht air as sáruithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine, agus tugann sé dlisteanacht dóibh, ar sáruithe iad a dhéanann fearas slándála DPDC, go háirithe céasadh agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomaire nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach.	22.3.2021
5.	Wagner Group (ar a dtugtar freisin Vagner Group, PMC Wagner, Liga, League)	Группа Вагнера (ar a dtugtar freisin ЧВК "Вагнер") (Litriú Rúisise)		Is eintiteas neamhchorpraithe míleata príobháideach atá bunaithe sa Rúis é Wagner Group (Grúpa Wagner), a bunaíodh in 2014 mar eagraíocht a tháinig i gcomharbacht ar Slavonic Corps (an Cór Slavach). Bhí sé faoi stiúir Dimitriy Utkin agus maoinithe ag Yevgeny Prigozhin. Is trí eintitis áitiúla a bhunú agus le tacaíocht ó rialtais áitiúla a mhaoiníonn agus a dhéanann Grúpa Wagner a chuid oibríochtaí. Tá Grúpa Wagner freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Úcráin, sa tSiria, sa Libia, i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL), sa tSúdáin, i Mailí agus i Mósaimbíc, lena n-áirítear céasadh agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha.	13.12.2021

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
6.	Lobaye Invest SARLU		Áit chlárúcháin: Bangui (Poblacht na hAfraice Láir) Dáta clárúcháin: 24.10.2017 Uimhir chlárúcháin: M 354838 D 0001 (Uimhir "NIF", Uimhir aitheantais chánach) Príomhionad gnó: Poblacht na hAfraice Láir Faisnéis eile: Craobh de M-Finans	Is cuideachta phríobháideach é Lobaye Invest SARLU atá cláraithe i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL); is fochuideachta é de chuid na cuideachta Rúisí M-Finans, a bhí faoi rialú Yevgeny Prigozhin. Tá sé á bhainistiú ag Dimitri Sytii, feidhmeannach sinsearach i nGrúpa Wagner, agus ag Yevgeny Khodotov, a raibh baint aige le Yevgeny Prigozhin. Oibríonn Lobaye Invest mianaigh óir agus diamant in PAL. Tá sé bainteach le hoibríochtaí Ghrúpa Wagner in PAL. Maoiníonn sé chomh maith eagraíochtaí éagsúla meán, mar shampla, an stáisiún raidió Lengo Songo, stáisiún raidió a dhéanann feachtais bhréagaisnéise agus a chuireann láithreacht Ghrúpa Wagner in PAL chun cinn. Tá baint ag Lobaye Invest le Grúpa Wagner, atá liostaithe as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha, i dtíortha éagsúla, lena n-áirítear PAL. Trína ghníomhaíochtaí, tacaíonn Lobaye Invest freisin leis na sáruithe sin a dhéantar in PAL.	25.2.2023

	Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
7.	DIAMVILLE		Dáta clárúcháin: 28.3.2019 Uimhir chlárúcháin: CA/BG2019B519 Príomhionad gnó: Poblacht na hAfraice Láir Faisnéis eile: daoine aonair agus eintitis chomhlachaithe: Yevgeny Prigozhin (éagtha), Grúpa Wagner, Dimitri Sytii, Valery Zakharov, Perfilev, Svetlana Troitskaya, Lobaye Invest	Is cuideachta scáileáin é Diamville a úsáideann Grúpa Wagner, atá i láthair i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL), chun diamaint a thrádáil go neamhdhleathach. Tá dlúthbhaint aige le príomhghníomhaithe uile Ghrúpa Wagner in PAL, cuir i gcás, Dimitri Sytii agus Yevgeny Prigozhin roimhe seo. Tá baint ag Diamville le Grúpa Wagner, atá liostaithe as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha, i dtíortha éagsúla, lena n-áirítear PAL. Trína ghníomhaíochtaí, tacaíonn sé leis na sáruithe sin a dhéantar in PAL.	25.2.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
9.	Radio Centrafricaine Lengo Sengo		Áit chlárúcháin: Bangui, Poblacht na hAfraice Láir Dáta clárúcháin: Mí na Samhna 2018 Príomhionad gnó: Galabadja Bangui, Commune de Bangui Galabadja, 8eme Arr. [GPS]-> 4.4070, 18.5465	Is stáisiún raidió de chuid na hAfraice Láir é Radio Lengo Sengo a bhíonn ag gabháil d'oibríochtaí tionchair ar líne thar ceann Ghrúpa Wagner. Is é an cuspóir deiridh atá aige ná tuairimí an phobail a ionramháil. Reáchtálann an chuideachta feachtais bhréagaisnéise agus cuireann sé láithreacht Ghrúpa Wagner i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL) chun cinn. Déanann Lobaye Invest, cuideachta phríobháideach a raibh baint aici le Yevgeny Prigozhin, atá ceangailte le Grúpa Wagner, agus a fheidhmíonn mar chlúdach dá ghníomhaíochtaí i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL), Radio Lengo Sengo a mhaoiniú. Tá Grúpa Wagner liostaithe as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha i dtíortha éagsúla, lena n-áirítear PAL. Tá Radio Lengo Sengo freagrach as tacú le gníomhartha Ghrúpa Wagner in PAL agus as iad a spreagadh.	25.2.2023

	Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
28.	Hilltop Youth (ar a dtugtar freisin No'ar HaGva'ot)	נוער הגבעות (Litriú Eabhraise)	Daoine aonair comhlachaithe: Meir Mordechai Ettinger; Elisha Yered	Grúpa radacach atá comhdhéanta de dhaoine óga is ea Hilltop Youth a bhfuil míchlú ar a bhaill mar gheall ar ghníomhartha foréigneacha i gcoinne na bPalaistíneach agus a sráidbhailte ar an mBruach Thiar. Bunaíonn an grúpa urphoist neamhdhleathacha ar bharra cnoic ar an mBruach Thiar agus bíonn sé rannpháirteach i bhforéigean lonnaitheoirí trí "ionsaithe praghaslipéid", mar a thugtar orthu, a dhéanamh. Is foréigean de chineál córasach é an foréigean lonnaitheoirí sin in aghaidh na bPalaistíneach agus a sráidbhailte, lena n-áirítear ciapadh fisiciúil agus síceasóisialta, bascadh, dúnmharú agus scartáil maoine, agus aistríodh pobail iomlána le forneart mar thoradh air. Dá bhrí sin, tá Hilltop Youth freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine, lena n-áirítear céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, chomh maith le sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha an chirt chun maoine agus an chirt chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh atá ag na bPalaistínigh ar an mBruach Thiar, ar cúis mhór imní iad freisin maidir le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	19.4.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
29.	Moshe's Farm (ar a dtugtar freisin "Tirza Valley Farm Outpost")	החווה של משה (Litriú Eabhraise)	Seoladh: An Bruach Thiar, na críocha Palaistíneacha faoi fhorghabháil Dáta clárúcháin: 2021 Daoine aonair comhlachaithe: Moshe Sharvit	Is leis an lonnaitheoir Iosraelach Moshe Sharvit Moshe's Farm, ar a dtugtar freisin Tirza Valley Farm, agus is é a bhunaigh é in 2020. Tá baint ag Moshe Sharvit leis an bhforéigean agus na bagairtí a dhéanann na lonnaitheoirí i leith na gcónaitheoirí Palaistíneacha i bpobail na n-aoirí atá gar dá urphost atá suite ar bharr cnoic ar an mBruach Thiar. Is urphost neamhdhleathach é Moshe's Farm atá suite thart ar 1,5 ciliméadar soir ó dheas ó lonnaíocht Hamra, ar an mBruach Thiar. Tá méadú tagtha ar Moshe's Farm ó bunaíodh é agus, faoi láthair ar an bhfeirm, tá roinnt foirgnimh chónaithe, lóiste aíochta do thaistealaithe agus ionad imeachtaí. Is féidir leis an lóiste aíochta freastal ar suas le 100 duine, agus cuireadh gach foirgneamh suas gan chead agus dá bhrí sin tá siad mídhleathach. Ó bunaíodh Moshe's Farm, tá sé ina lárionad d'fhoréigean agus ciapadh i gcoinne phobail aoirí na Palaistíne agus is é an bhunáit é óna ndéanann Moshe Sharvit agus cónaitheoirí feirme eile foréigean agus ciapadh i gcoinne na bPalaistíneach. An 6 Márta 2025, chuir cúirt Iarúsailéim cosc ar Sharvit dul i dtreo compún teaghlaigh Phalaistínigh gar dá urphost sa Bhruach Thiar, tar éis ionsaithe agus ciapadh a rinneadh arís agus arís eile. Dá bhrí sin, is eintiteas é Moshe's Farm a bhfuil baint aige le Moshe Sharvit, duine atá liostaithe i ngeall ar mhí-úsáidí tromchúiseacha córasacha chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáid an chirt atá ag gach duine an caighdeán iomláine coirp agus meabhraí is airde is féidir a theachtadh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

	Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
30.	Zvi's Farm	החווה של צבי (Litriú Eabhraise)	Seoladh: Halamish, an Bruach Thiar, na críocha Palaistíneacha faoi fhorghabháil Daoine aonair comhlachaithe: Zvi Bar Yosef	Is urphost neamhdhleathach, neamhúdaraithe feirmeoireachta é Zvi's Farm ar chríoch na Palaistíne, gar do Halamish, ar an mBruach Thiar. Tá Zvi's Farm suite i stráice den Bhruach Thiar atá faoi rialú míleata iomlán Iosrael agus ina bhfuil Palaistínigh ina gcónaí ann. Tá Zvi's Farm á oibriú ag Zvi Bar Yosef, a úsáideann an t-urphost mar bhunáit as a ndéanann sé foréigean i gcoinne na gcónaitheoirí Palaistíneacha agus as a gcuireann sé cosc ar fheirmeoirí Palaistíneacha rochtain a fháil ar a dtailte agus iad a úsáid. Ghlac an t-urphost seilbh ar thart ar 2 500 dunam / 620 acra ar a ndearna sráidbhailte Jibya, Kaubar (Kobar), agus Umm Safa saothrú. In 2019, 2021 agus 2023, rinne Zvi Bar Yosef ionsaithe agus gníomhartha foréigin arís agus arís eile i gcoinne Palaistínigh as na sráidbhailte sin, rud a d'fhág gur gortaíodh cuid acu go tromchúiseach. Dá bhrí sin, is eintiteas é Zvi's Farm a bhfuil baint ag Zvi Bar Yosef leis, duine atá liostaithe i ngeall ar mhí-úsáidí tromchúiseacha córasacha chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáidí an chirt chun iomláine coirp agus meabhraí, an chirt chun maoine agus an chirt chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2469/oj

	Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
31.	Tzav 9 (ar a dtugtar freisin Tsav 9; Order 9)		Suíomh gréasáin: https://www.tzav9.co.il/faq	Is grúpa Iosraelach de ghníomhaithe foréigneacha é Tzav 9, a chomhbhunaigh Reut Ben Haim agus Aviad Shlomo Sarid i mí Eanáir 2024. Is iad Reut Ben Haim agus Yossef (Sefi) Ben Haim atá i gceannas ar an ngrúpa faoi láthair. De réir shuíomh gréasáin an ghrúpa, is é an príomh-mhisean atá ag Tzav 9 bac a chur ar thrucailí soláthair a sheachadann cabhair dhaonnúil, lena n-áirítear bia, uisce agus breosla, go Gaza agus smál a chaitheamh ar dhlisteanacht Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear in Iosrael. Ó mhí Eanáir 2024 i leith, tá bac á chur ag Tzav 9 ar thrucailí cabhrach daonnúla go rialta. An 18 Eanáir 2024, rinne an grúpa na chéad bhaic ar sheachadtaí cabhrach ag Kerem Shalom. An 13 Bealtaine 2024 ag seicphointe Tarqumiyah, ghlac Tzav 9 páirt in agóid fhoréigneach i gcoinne tiománaí trucaile. An 16 Bealtaine 2024 sa Bhruach Thiar, bhí baint ag Tzav 9 le hionsaí ar thrucail bhia. Tharla eachtraí eile, *inter alia*, i réigiúin Kerem Shalom agus Nitzana. Rinne gníomhaithe Tzav 9 trucailí cabhrach a idircheapadh an 22, an 27 agus an 31 Bealtaine, an 13, an 17 agus an 19 Iúil agus an 4 agus an 6 Lúnasa 2025, ag trasnú Allenby agus ag calafort Ashdod agus ar an mbealach chuige sin, go háirithe in Arad agus Dimona. I measc na ngníomhaíochtaí a rinneadh bhí agóidí foréigneacha, ionsaithe ar thrucailí bia agus scriosadh bia. Déanann na gníomhaíochtaí sin staid an phobail shibhialta in Gaza níos measa, ar staid í a bhí uafásach cheana féin. Dá bhrí sin, tá Tzav 9 freagrach as mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine, lena n-áirítear mí-úsáid an chirt atá ag gach duine an caighdeán iomláine coirp agus meabhraí is airde is féidir a theachtadh. Is cúis mhór imní iad na mí-úsáidí sin freisin a mhéid a bhaineann le cuspóirí an chomhbheartais eachtraigh agus slándála mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.	15.7.2024

	Ainm (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
34.	Sultan Sulaiman Shah Brigade (ar a dtugtar freisin Suleiman Shah Brigade, al-Amshat, Amshat)	فرقة السلطان سليمان شاه (Litriú Araibise)	Duine/daoine aonair comhlachaithe: Muhammad Hussein al-Jasim	Is mílíste armtha é Sultan Sulaiman Shah Brigade (Briogáid Sultan Sulaiman Shah) a cruthaíodh in 2016 agus atá gníomhach i gcogadh cathartha na Siria. Is é Muhammad Hussein al-Jasim, ar a dtugtar Abu Amsha freisin, a bhunaigh é in 2016 in Jarabulus agus maíonn sé go bhfuil níos mó ná 2 000 trodaí ann, Tuircméanastánaigh den chuid is mó. I mí an Mhárta 2025, ghlac Briogáid Sultan Sulaiman Shah páirt san fhoréigean i réigiún cósta na Siria, inar díríodh ar shibhialtaigh agus go háirithe ar phobal Alawite, lena n-áirítear trí mharú treallach sibhialtach. Dá bhrí sin, tá briogáid Sultan Sulaiman Shah freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tSiria, lena n-áirítear marú treallach sibhialtach.	28.5.2025
35.	The Hamza Division (ar a dtugtar freisin Hamzat)	فرقة الحمزة (Litriú Araibise)	Duine/daoine aonair comhlachaithe: Sayf Boulad Abu Bakr	Is mílíste armtha é Hamza Division (Rannán Hamza) a cruthaíodh in 2016 agus atá ag feidhmiú sa tSiria. Le linn chogadh cathartha na Siria, bhí Rannán Hamza freagrach as go leor gníomhartha céastóireachta ina lárionaid choinneála agus as sracadh agus easáitiú éigeantach sibhialtach, go háirithe i réigiún Afrin agus Aleppo. I mí an Mhárta 2025, ghlac Rannán Hamza, faoi cheannas Sayf Boulad Abu Bakr, páirt san fhoréigean i réigiún cósta na Siria, inar díríodh ar shibhialtaigh agus go háirithe ar phobal Alawite, lena n-áirítear trí mharú treallach sibhialtach. Dá bhrí sin, tá Rannán Hamza freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tSiria, lena n-áirítear maruithe treallacha.	28.5.2025’.